Treoirlínte an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe

Feabhra 2004

Athbhreithniú Feabhais

Réamhrá

Tá rún daingean ag Coláiste Phádraig ardchaighdeán a dhearbhú agus feabhas a chur ar a chuid gníomhaíochtaí uile. Chun a chuspóirí maidir leis sin a chur i gcrích, tá glactha ag an gcoláiste le frámaíocht le haghaidh feabhas in ollscoileanna na hÉireann de réir mar atá leagtha amach san fhoilseachán thíosluaite (CHIU 2003). Tá curtha ar fáil chuig gach ball de na grúpaí piar-athbhreithnithe cóip de 'A Framework for Quality in Irish Universities'. Mar atá luaite sa cháipéis sin, 'is éard is aidhm le próiseas an dearbhú feabhais agus le próiseas an fheabhsaithe ná … 'cultúr feabhais a fhorbairt agus a chothú i ngach imeacht agus gníomhaíocht' (1.14). Cuid thábhachtach den phróiseas sin cuairt an ghrúpa piar-athbhreithnithe.

Cuspóirí Chuairt an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe

Tá próiseas cuimsitheach féinmheasúnaithe cheana féin curtha i gcrích ag an Roinn / Aonad atá faoi athbhreithniú, agus ag éirí as sin, tá tuarascáil féinmheasúnaithe ullmhaithe. Is éard is cuspóir leis an gcuairt ná an tuarascáil seo a dheimhniú agus a shoiléiriú. Chun na haidhme seo, buailfidh an Grúpa Piar-Athbhreithne le páirtithe leasmhara tábhachtacha le linn na cuairte. Tá dréacht-sceideal tugtha do bhaill an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe chun an próiseas a éascú.

Cruinniú Tosaigh

- Beifear ag súil go ndéanfar roinnt socruithe tábhachtacha ag an gcéad chruinniú seo leis an nGrúpa Piar-Athbhreithnithe.

- Pléifear agus soiléireófar na rólanna agus na freagrachtaí taobh istigh den Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe.
  Cé go mbeifear ag súil le go nglacfaidh gach ball den Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe páirt chothrom san obair le linn na cuairte, meastar nár mhiste Cathaoirleach agus Tuairisceoir a cheapadh.

- Déanfaidh an Grúpa Piar-Athbhreithnithe sonraí an sceidil a mhionchoigeartú agus / nó a thabhairt chun críche – san áireamh anseo, beidh roghnú

randamach ball foirne le haghaidh comhrá (nuair a bhaineann sé sin le hábhar).

An Cathaoirleach

I gcomhairle leis an nGrúpa Piar-Athbhreithnithe, cuirfidh an Cathaoirleach baill indibhidiúla an Ghrúpa ag obair ar dhréachtú rannóg ar leith áirithe den tuarascáil deiridh.

Déanfaidh, áfach, gach ball an tuarascáil deiridh a fhaomhadh.

- An Cathaoirleach a bheidh i gceannas ar chruinnithe le páirtithe leasmhara le linn na cuairte.
- Féachfaidh an Cathaoirleach chuige go mbeidh ar fáil roimh dheireadh na cuairte an chéad dréacht den tuarascáil.
- Ullmhóidh an Cathaoirleach, agus tabharfaidh sé uaidh (le hionchur ó bhaill eile, b'fhéidir) cur i láthair scoir d'fhoireann na Roinne / Aonaid.
- Féachfaidh an Cathaoirleach chuige go dtabharfar don Oifig um Chothú Feabhais dréacht deiridh den tuarascáil taobh istigh de mhí tar éis na cuairte.

An Tuairisceoir

- Déanfaidh an Tuairisceoir scríobh, cur in eagar agus ceartú na dréacht-thuarascála a chomhordú.

- Rachaidh an Tuairisceoir i dteagmháil leis an Stiúrthóir um Chothú Feabhais má theastaíonn soiléiriú faoi aon ghné den tuarascáil.

- Seolfaidh an Tuairisceoir an tuarascáil chuig an Oifig um Chothú Feabhais taobh istigh de mhí tar éis chuairt an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe.

- Baill an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe.
  Roghnaítear gach ball den Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe mar gheall ar an saineolas agus ar an tsaintaithí a thabharfaidh sé leis chun an phróisis.

Táthar ag súil go nglacfaidh gach ball páirt chothrom i ndréachtú na tuarascála. Moltar go mbrisfeadh an Grúpa Piar-Athbhreithnithe i ngrúpaí níos lú chun cuid den obair a éascú.

An Oifig um Chothú Feabhais

Tá an Oifig um Chothú Feabhais tar éis oibriú leis an roinn agus aonad chun na sceidil a dhéanamh agus a chomhordú. Tá gnéithe áirithe den chuairt socraithe ag an Oifig um Chothú Feabhais. Ba chóir fiosrúcháin maidir leo seo a leanas a dhéanamh leis an Oifig ag folíne XXXX.

- Spás fisiciúil – seomraí agus trealamh.
- Spás lónadóireachta – sosanna caifé, lóin, dinnéar.
- Tacaíocht riaracháin.
- Críochnú thuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe
- Íocaíocht costaisí agus honoraria.

Ceann na Roinne / Aonaid

Beidh Ceann na Roinne / Aonaid ar fáil le linn na cuairte chun bualadh leis an nGrúpa Piar-Athbhreithnithe agus chun comhairle a chur ar fáil. Go sonrach, éascóidh Ceann na Roinne an comhrá leis na páirtithe leasmhara.

Fochoistí de chuid na Roinne / Aonaid

Cé go mb'fhéidir nach mbeidh gach ball coiste ar fáil le linn thréimhse iomlán na cuairte, táthar ag súil go mbeidh ar a laghad ball amháin den fhochoiste ar dualgas i rith an ama chun tacaíocht agus cabhair a chur ar fáil.

An Cur i Láthair Scoir

Cuirfear ar fáil seomraí cuí le trealamh don chur i láthair scoir. Is éard a bheidh ann ná cur i láthair gearr faoi phríomhthorthaí thuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe. Níltear ag súil go bpléifidh an Grúpa Piar-Athbhreithnithe na torthaí seo leis an Roinn / Aonad ag an staid seo.

Tuairisc an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe

Tá curtha ar fáil ag an Roinn / Aonad don Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe tuarascáil féinmheasúnaithe leagtha amach i rannóga éagsúla. Beidh cóipeanna de na

tuarascálacha féinmheasúnaithe agus den dréachtsceideal ar fáil ar dhlúthdhiosca chun go mbainfeadh an Grúpa Piar-Athbhreithnithe leas astu.

Is iondúil nach cáipéis fhada a bhíonn i dtuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe; ba cheart di, áfach, dul i ngleic le ceist / téama ar bith a aithnítear sa tuarascáil féinmheasúnaithe. Má tá dréachtphleananna le haghaidh feabhsú sna tuarascálacha sin, ba mhaith an ní é dá ndéanfadh an Grúpa Piar-Athbhreithnithe ráiteas faoi indéantacht na bpleananna úd. Seasfaidh tuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe léi féin mar cháipéis iomlán inti féin – níor cheart glacadh leis go mbeidh fáil ag an té a léann í ar na tuarascálacha féinmheasúnaithe. Seolfar an dréacht deiridh de thuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe chuig an Oifig um Chothú Feabhais chun go gcuirfí í chuig Ceann na Roinne / Aonaid agus chuig an Choiste um Chothú Feabhais, agus ina dhiaidh sin, chuig an bhfoireann agus chuig Coiste Stiúrtha an Choláiste. Ag teacht leis an nós atá ann in áiteanna eile, tá sé i gceist go bhfoilseofar tuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe tar éis phróiseas an phlé inmheánaigh.

Athbhreithniú ar Chothú an Fheabhais i gColáiste Phádraig

Geallann an Oifig um Chothú Feabhais go ndéanfaidh sí síor-athbhreithniú ar phróiseas chothú an fheabhais sa Choláiste. Seolfar ceistneoir chuig baill uile na nGrúpaí Piar-Athbhreithnithe tar éis na cuairte. Idir an dá linn, déanfar gach iarracht chun a chinntiú go stiúraítear cuairteanna an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe go héifeachtach agus go solúbtha. Is féidir dul i dteagmháil leis an Aonad um Chothú Feabhais le linn na cuairte má bhíonn aon mholadh maidir le feabhas a chur ar imeachtaí.